Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Páipéar 1 (160 marc)**

| **Cuid I** | **An Chluastuiscint** | **60 marc** |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | Tuiscint | = **60** marc |
| **(ii)** | Cumas Gaeilge | - **(0-6)** |
| **(iii)** | **Iomlán** | = |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Fógra 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid B:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Comhrá 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid C:** | **12 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| | **6 + 6** | **=** | **<u>12 mharc</u>** |

**<u>24 + 24 + 12 = 60</u>**

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

# An Triail Chluastuisceana

## Cuid A

### Fógra 1 (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cuirfear tús le clár nua do dhaoine óga ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar an tríú lá déag de mhí Mheán Fómhair. *Pé Scéal É* an t-ainm a bheidh ar an gclár nua. Craolfar an clár nua gach Aoine ar a trí a chlog. Ar an gclár, cloisfear plé ar chúrsaí siamsaíochta agus beidh trácht ar imeachtaí ar fud na tíre ag an deireadh seachtaine. Beidh ceol beo agus agallaimh spéisiúla sa stiúideo. Is í Máire Treasa Ní Dhubhghaill a bheidh mar láithreoir ar an gclár seo. Craolfar an clár beo ó stiúideo Chasla. Bígí ag éisteacht.

### Fógra a Dó (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó na múinteoirí Eolaíochta. A scoláirí, tá na múinteoirí Eolaíochta ag lorg fiche scoláire chun páirt a ghlacadh i dtionscadal suimiúil. Is é an aidhm atá leis an tionscadal seo ná suim daoine óga a mhúscailt i gcúrsaí timpeallachta áitiúla. Mar chuid den tionscadal seo, déanfaidh na scoláirí taighde ar na cúiseanna atá le truailliú an aeir sa cheantar seo. Nuair a bheidh an taighde críochnaithe ag na scoláirí, scríobhfaidh siad cuntas ar thorthaí a gcuid oibre agus molfaidh siad réitigh ar an bhfadhb. Má tá spéis agat páirt a ghlacadh sa tionscadal seo, tar chuig cruinniú a bheidh ar siúl sa tsaotharlann eolaíochta ag ceathrú chun a haon Déardaoin seo chugainn.

## Cuid B

### Comhrá 1 (Canúint Uladh)

**An Chéad Mhír**

**Aoife:** Heileo, a Sheáin. Cad é mar atá tú? Scéal ar bith agat?

**Seán:** Bhuel, a Aoife, tá mé iontach sásta liom féin.

**Aoife:** Cén fáth sin, a Sheáin?

**Seán:** Tá post lánaimseartha faighte agam. Is teagascóir anois mé san ionad aclaíochta sa bhaile mór.

**Aoife:** Cén obair a bhíonn ar siúl agat ann, a Sheáin?

**Seán:** Déanaim amach clár traenála do na baill agus taispeánaim dóibh conas an trealamh a úsáid i gceart.

**Aoife:** An dtaitníonn do phost leat?

**Seán:** Taitníonn cinnte, a Aoife. Is breá liom a bheith ag cuidiú le daoine a gcuid spriocanna folláine a bhaint amach. Tá an tuarastal go maith fosta.

**Aoife:** An bhfuil tú sásta leis na huaireanta oibre atá agat, a Sheáin?

**Seán:** Tá mé sásta go leor leo ach amháin go dtosaím ag obair ar leathuair tar éis a sé dhá mhaidin sa tseachtain.

**An Dara Mír**

**Aoife:** Mar is eol duit, imrím camógaíocht leis an gclub áitiúil ach tá deireadh leis an séasúr anois. Ní dhearna mé aon chleachtadh coirp i ndiaidh dheireadh an tséasúir anuraidh.

**Seán:** Cén fáth nár lean tú ar aghaidh leis an gcleachtadh coirp nuair a bhí séasúr na camógaíochta thart anuraidh, a Aoife?

**Aoife:** Le fírinne, a Sheáin, bhí mé gnóthach leis an staidéar san ollscoil. Chomh maith leis sin, ní bhíodh fonn orm dul amach sna hoícheanta dorcha.

**Seán:** Bhuel, a Aoife, mholfainn duit ballraíocht a fháil san ionad aclaíochta an geimhreadh seo. Tá táille bhallraíochta speisialta ar fáil do mhic léinn. Is é nócha euro an táille speisialta sin do bhallraíocht trí mhí.

**Aoife:** An féidir liom cur isteach ar bhallraíocht ar líne?

**Seán:** Is féidir, cinnte, a Aoife. Tá an fhoirm bhallraíochta ar fáil ar shuíomh gréasáin an ionaid agus is féidir an táille bhallraíochta a íoc ar líne fosta.

**Aoife:** Go raibh míle maith agat as ucht do chuid cabhrach, a Sheáin. Slán.

## Comhrá 2 (Canúint na Mumhan)

### An Chéad Mhír

**Áine:** Haigh, a Liam. Ní fhaca mé le fada thú. An raibh tú ar saoire?

**Liam:** Bhí. Chaith mé féin agus mo thuismitheoirí cúig seachtaine in Sydney. Tá mo dheirfiúr ina cónaí ann le dhá bhliain anuas.

**Áine:** Cén fáth ar imigh do dheirfiúr go dtí an Astráil?

**Liam:** Bhuel, bhí sí bréan den chostas maireachtála sa tír seo. Chomh maith leis sin, tá deiseanna fostaíochta níos fearr aici thall ansin.

**Áine:** An mbíonn cumha ar do dheirfiúr i ndiaidh an bhaile?

**Liam:** Bíonn, cinnte. Airíonn sí uaithi an baile go minic. Ach is mór an chabhair di an teicneolaíocht mar bíonn sí i dteagmháil linn go rialta ar ghlaonna físe agus ar na haipeanna teachtaireachtaí. Bíonn sí ábalta a bheith i láthair go fíorúil ag ócáidí teaghlaigh.

**Áine:** An mbíonn deis aici bualadh le hÉireannaigh eile in Sydney?

**Liam:** Bíonn, cinnte. Is ball í den chlub Gaelach sa chathair agus buaileann sí le hÉireannaigh eile sa chlub Gaelach sin.

### An Dara Mír

**Áine:** Cé go bhfuil go leor Éireannach ag dul ar imirce go tíortha eile, tá sochaí ilchultúrtha againn anois in Éirinn agus a lán daoine ó thíortha eile ina gcónaí anseo.

**Liam:** Tá an ceart ar fad agat, a Áine. Bhí mé ag féachaint ar chlár faisnéise ar an teilifís le déanaí faoi Maria, bean a d'fhág an Bhrasaíl, a tír dhúchais de bharr easpa deiseanna fostaíochta ansin. Tá sí ina cónaí i Luimneach le trí bliana anuas agus tá sí ag obair i gcomhlacht margaíochta ansin.

**Áine:** Chonaic mé féin an clár sin. Is bean ar leith í Maria, an bhean Bhrasaíleach sin. D'fhreastail sí ar ranganna Gaeilge agus tá Gaeilge mhaith aici anois. Chomh maith leis sin, is breá léi an ceol traidisiúnta agus seinneann sí an fheadóg mhór.

**Liam:** Tá gaiscí déanta ag Maria, a Áine. Nach iontach an rud é go bhfuilimidne ábalta ár dteanga féin agus ár gcultúr saibhir a roinnt le daoine ó thíortha eile atá ina gcónaí anseo in Éirinn?

**Áine:** Tá an ceart ar fad agat, a Liam.

## Cuid C

### Píosa 1 (Canúint Chonnacht)

Sheol an rialtas scéim nua darb ainm 'an Scéim Éarlaise agus Aisíoca' i mí Feabhra na bliana seo caite. Tá an scéim nua seo dírithe ar bhuidéil phlaisteacha dí agus ar channaí alúmanaim dí ar a bhfuil lógó speisialta. Faoin scéim seo, íocann an custaiméir suim bheag airgead breise in éineacht leis an bpraghas atá ar an deoch féin. Faigheann an custaiméir an tsuim bheag airgead breise sin ar ais mar dhearbhán nuair a chuireann sé an buidéal plaisteach folamh nó an canna alúmanaim folamh isteach i gceann de na meaisíní speisialta atá i siopaí agus in ollmhargaí áirithe. Creideann an rialtas go mbeidh torthaí fiúntacha ar an scéim seo, go mbeidh méadú ar na rátaí athchúrsála sa tír agus go mbeidh laghdú ar an méid bruscair sa tír.

### Píosa 2 (Canúint Uladh)

Chuir an eagraíocht Gael Linn cartlann nua grianghraf ar fáil don phobal le gairid. Tugann na grianghraif atá sa chartlann nua léargas ar an obair atá déanta ag an eagraíocht ó bunaíodh í sa bhliain míle naoi gcéad caoga a trí leis an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn. Tógadh na grianghraif atá sa chartlann ag na himeachtaí éagsúla a d'eagraigh Gael Linn i gcaitheamh na mblianta, ina measc siúd, comórtais díospóireachta, féilte ceoil agus amhránaíochta, seoltaí ceirníní agus cúrsaí teanga sa Ghaeltacht. Tá an chartlann ar fáil don phobal ar shuíomh na heagraíochta ag www.gael-linn.ie. Tá súil ag Gael Linn cur le líon na ngrianghraf de réir a chéile.

## Na Siombailí Anótála Marcála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha |
| 0 | Náid bronnta | Freagra/eolas mícheart |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| — | Gan freagra GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |

**Nóta:** Níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála chomh maith.

### *Cuid A (24 marc)*

**FÓGRA A hAON (12 mharc)**

**1.** **(a)** Cén stáisiún raidió a chuir amach an fógra seo? **3 mharc**

(RTÉ Raidió) na Gaeltachta = 3 mharc
RnaG = 3 mharc
RTÉ = 1 mharc

**(b)** Cén t-ainm a bheidh ar an gclár nua? **3 mharc**

Pé Scéal É = 3 mharc

**2.** **(a)** Cén t-am a chraolfar an clár nua gach Aoine? **3 mharc**

A trí a chlog = 3 mharc
3 a chlog = 3 mharc

**(b)** Cén sórt ceoil a bheidh sa stiúideo? **3 mharc**

(Ceol) beo = 3 mharc

**FÓGRA A DÓ (12 mharc)**

**1.** **(a)** Cén grúpa múinteoirí a chuir amach an fógra seo? **3 mharc**

Eolaíocht(a) = 3 mharc

**(b)** Cé mhéad scoláire atá á lorg chun páirt a ghlacadh i dtionscadal suimiúil? **3 mharc**

Fiche = 3 mharc
20 = 3 mharc

**2.** **(a)** Cad a scríobhfaidh na scoláirí ar thorthaí a gcuid oibre? **3 mharc**

Cuntas = 3 mharc
Réitigh = 3 mharc

**(b)** Cén lá a bheidh an cruinniú ar siúl? **3 mharc**

Déardaoin seo chugainn = 3 mharc
Déardaoin = 3 mharc

## *Cuid B (24 marc)*

**COMHRÁ A hAON (12 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén áit sa bhaile mór a bhfuil Seán ag obair go lánaimseartha mar theagascóir? **3 mharc**

San ionad aclaíochta = 3 mharc
San ionad = 1 mharc

**2.** Cén t-am a thosaíonn Seán ag obair dhá mhaidin sa tseachtain? **3 mharc**

Leathuair tar éis a sé = 3 mharc
6.30 = 3 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cén cluiche a imríonn Aoife leis an gclub áitiúil? **3 mharc**

Camógaíocht = 3 mharc

**2.** Cén táille speisialta atá ar fáil do mhic léinn do bhallraíocht trí mhí? **3 mharc**

€90 = 3 mharc
Nócha euro = 3 mharc
Nócha = 2 mharc

**COMHRÁ A DÓ (12 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá fhad a chaith Liam agus a thuismitheoirí in Sydney? **3 mharc**

Cúig seachtaine = 3 mharc
5 seachtaine = 3 mharc

**2.** Cén áit a mbuaileann deirfiúr Liam le hÉireannaigh eile in Sydney? **3 mharc**

Sa chlub Gaelach = 3 mharc
Sa chlub = 1 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cén áit in Éirinn a bhfuil Maria ina cónaí anois? **3 mharc**

Luimneach = 3 mharc

**2.** Cén uirlis cheoil a sheinneann Maria? **3 mharc**

An fheadóg mhór = 3 mharc

## *Cuid C (12 mharc)*

**PÍOSA A hAON (6 mharc)**

**1.** Cé a sheol 'an Scéim Éarlaise agus Aisíoca' i mí Feabhra na bliana seo caite? **3 mharc**

(An) rialtas = 3 mharc

**2.** Scríobh síos áit **amháin** ina bhfuil na meaisíní speisialta ar fáil chun buidéil phlaisteacha fholmha agus cannaí alúmanaim folmha a chur isteach iontu. **3 mharc**

I siopaí (áirithe) = 3 mharc
In ollmhargaí (áirithe) = 3 mharc

**PÍOSA A DÓ (6 mharc)**

**1.** Cad atá sa chartlann nua atá curtha ar fáil ag Gael Linn? **3 mharc**

Grianghraif = 3 mharc
Léargas ar an obair atá déanta ag an eagraíocht/acu = 1 mharc

**2.** Cén bhliain a bunaíodh Gael Linn? **3 mharc**

Míle naoi gcéad caoga a trí = 3 mharc
1953 = 3 mharc

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C agus D (Dhá cheann le freagairt)**

Leathleathanach nó breis:

| | |
|---|---|
| Tasc | = 2 mharc |
| Ábhar | = 8 marc |
| Cumas Gaeilge | = 40 marc |
| | = 50 marc x 2 = **100 marc** |

An Tasc (2 mharc)
Tá 2 mharc le bronnadh má chomhlíontar an tasc, má éiríonn leis an iarrthóir Giota Leanúnach/ Blag **nó** Scéal **nó** Litir/Ríomhphost **nó** Comhrá a scríobh.

An tÁbhar (8 marc)
Tá 8 marc ag dul don ábhar. Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.
**Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ábhartha agus bainteach leis an teideal.**

An Cumas Gaeilge (40 marc)
Tá **dhá** ghné i gceist le cumas:

(i) Cumas Gaeilge = Fairsinge, saibhreas agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra (foclóir cuí, oiriúnach, dul na Gaeilge, nathanna cainte agus frásaí oiriúnacha)

**agus**

(ii) Cruinneas Gaeilge = Beachtas maidir le cruinnúsáid phríomhghnéithe de cheart na Gaeilge (struchtúir/comhréir na teanga, aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, réamhfhocail, claoninsint...) agus litriú

**Nóta**: Is ceart creidiúint a thabhairt do dhea-Ghaeilge le tic a chur leis na múnlaí maithe cainte agus is ceart na mórbhotúin sa teanga a mharcáil trí líne chorrach chothrománach a chur fúthu.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint ar an bpainéal marcála.

# Na Siombailí Anótála Marcála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓ | Tic | Cumas agus Cruinneas Gaeilge ceart/ábhartha/lena ngabhann fiúntas |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| **M** | Míléamh | Easpa ceangail ag an ábhar atá scríofa leis an teideal |
| **F1** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (8-11 líne i gcás A, B agus D agus 6-8 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
| **F2** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (4-7 líne i gcás A, B agus D agus 3-5 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
| **F3** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (1-3 líne i gcás A, B agus D agus 1-2 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Líne ar thaobh na láimhe deise den phíosa nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| X | Crosáil/X | X in aice le gach píosa/ag bun gach píosa nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |

| **Réimse** | | | **Catagóir** | **40** |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 95% | 38 |
| | | Meánach | 90% | 36 |
| | | Íseal | 85% | 34 |
| **An-mhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 80% | 32 |
| | | Meánach | 75% | 30 |
| | | Íseal | 70% | 28 |
| **Maith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 65% | 26 |
| | | Meánach | 60% | 24 |
| | | Íseal | 55% | 22 |
| **Maith go leor** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 50% | 20 |
| | | Meánach | 45% | 18 |
| | | Íseal | 40% | 16 |
| **Lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 35% | 14 |
| | | Meánach | 30% | 12 |
| | | Íseal | 25% | 10 |
| **An-lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 20% | 8 |
| | | Meánach | 15% | 6 |
| | | Íseal | 10% | 4 |
| **Easnamhach** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | | 5% | 2 |

| Réimse | Catagóir | 40 | 36 | 30 | 20 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Siombailí** | | | **M** | **F1** | **F2** | **F3** |
| **Sármhaith** | Ard | 38 | 34 | 29 | 19 | 10 |
| | Meánach | 36 | 32 | 27 | 18 | 9 |
| | Íseal | 34 | 31 | 26 | 17 | 9 |
| | | | | | | |
| **An-mhaith** | Ard | 32 | 29 | 24 | 16 | 8 |
| | Meánach | 30 | 27 | 23 | 15 | 8 |
| | Íseal | 28 | 25 | 21 | 14 | 7 |
| | | | | | | |
| **Maith** | Ard | 26 | 23 | 20 | 13 | 7 |
| | Meánach | 24 | 22 | 18 | 12 | 6 |
| | Íseal | 22 | 20 | 17 | 11 | 6 |
| | | | | | | |
| **Maith go leor** | Ard | 20 | 18 | 15 | 10 | 5 |
| | Meánach | 18 | 16 | 14 | 9 | 5 |
| | Íseal | 16 | 14 | 12 | 8 | 4 |
| | | | | | | |
| **Lag** | Ard | 14 | 13 | 11 | 7 | 4 |
| | Meánach | 12 | 11 | 9 | 6 | 3 |
| | Íseal | 10 | 9 | 8 | 5 | 3 |
| | | | | | | |
| **An-lag** | Ard | 8 | 7 | 6 | 4 | 2 |
| | Meánach | 6 | 5 | 5 | 3 | 2 |
| | Íseal | 4 | 4 | 3 | 2 | 1 |
| | | | | | | |
| **Easnamhach** | | 2 | 2 | 2 | 1 | 1 |

**Páipéar 2 (200 marc)**

| CEIST 1 | LÉAMHTHUISCINT | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔$_1$ | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✔$_2$ | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✔$_3$ | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✔$_4$ | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✔$_5$ | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha<br>Obair lena ngabhann fiúntas |
| [O] | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist |
| Iom | Iomarcaíocht | Abairt(í) iomarcach(a) |
| ʌ | Easnamh | Foca(i)l fágtha ar lár |

**Nóta:** Ba cheart na siombailí anótála a bhfuil marcanna ag gabháil leo a chur gar don eolas ceart sa fhreagra.

**A – 50 marc**

## Na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha, 2024

**Nóta**: Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá 3 mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus 2 mharc ar an dara ceann atá ceart.
**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**1.** (a) Cén rud faoi shearmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha i bPáras a bhí difriúil le blianta eile? (Alt 1) **5 mharc**

- Ní raibh sé ar siúl istigh i staid
- Iompraíodh na foirne ó na náisiúin éagsúla ar bháid ar feadh sé chiliméadar ar abhainn na Séine

(b) Cad a tharla don choire a raibh an bhladhm Oilimpeach ar lasadh ann? (Alt 1) **5 mharc**

- Ardaíodh an coire, agus an bhladhm Oilimpeach ar lasadh istigh ann, suas san aer/os cionn na cathrach agus é ceangailte de bhalún te = 5 mharc
- Ardaíodh an coire, agus an bhladhm Oilimpeach ar lasadh istigh ann, suas san aer = 3 mharc
- Ardaíodh an coire, agus an bhladhm Oilimpeach ar lasadh istigh ann, os cionn na cathrach = 3 mharc

**2.** (a) Scríobh síos an **dá** phíosa eolais faoi líon na lúthchleasaithe a bhí ar fhoireann Oilimpeach na hÉireann a seoladh chuig na Cluichí Oilimpeacha i bPáras in 2024. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Céad tríocha a trí lúthchleasaí a bhí ar fhoireann Oilimpeach na hÉireann, an líon is mó a bhí ar fhoireann Oilimpeach as an tír seo (riamh) = dhá phíosa eolais
- Céad tríocha a trí lúthchleasaí = píosa eolais
- An líon is mó a bhí ar fhoireann Oilimpeach as an tír seo (riamh) = píosa eolais

(b) Luaigh **dhá** rud a bhí ar na lúthchleasaithe a dhéanamh chun cáiliú do na Cluichí Oilimpeacha ina rogha spóirt. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Lean siad sceideal dian traenála
- Thraenáil siad leis na cóitseálaithe is fearr in ionaid bharrfheabhais (spóirt) = 2 rud
- Thraenáil siad leis na cóitseálaithe is fearr
- Thraenáil siad in ionaid bharrfheabhais (spóirt)
- D’éirigh leo na caighdeáin riachtanacha Oilimpeacha a bhí leagtha síos a bhaint amach sna comórtais cháilithe

**3.** (a) Cén fáth a bhfuil áit faoi leith bainte amach ag an rámhaí Paul O’Donovan i stair na gCluichí Oilimpeacha sa tír seo? (Alt 3) **5 mharc**

- Is é an chéad Éireannach riamh é a bhuaigh bonn trí huaire as a chéile = 5 mharc

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais a thugtar faoin ngleacaí Rhys McClenaghan ag na Cluichí Oilimpeacha i bPáras. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc** = **5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Bhuaigh Rhys McClenaghan an chéad bhonn Oilimpeach riamh sa ghleacaíocht d'Éirinn = píosa eolais amháin
- Thug McClenaghan taispeántas snasta sa bhabhta ceannais ar an gcapall corr = dhá phíosa eolais
- Bhuaigh sé an bonn óir ann = píosa eolais amháin

**4.** (a) Cad a chinntigh clúdach fairsing RTÉ ar na Cluichí Oilimpeacha do mhuintir na hÉireann sa bhaile? (Alt 4) **5 mharc**

- Go raibh muintir na hÉireann sa bhaile in ann iomlán an aicsin ó na comórtais éagsúla a fheiceáil = 5 mharc
- Go raibh muintir na hÉireann sa bhaile in ann anailís ar na comórtais a chloisteáil = 5 mharc
- Go raibh muintir na hÉireann sa bhaile in ann agallaimh leis na lúthchleasaithe a chloisteáil = 5 mharc

(b) Conas a rinne Kellie Harrington agus a lucht leanúna ceiliúradh sa staid nuair a fógraíodh í mar sheaimpín Oilimpeach ag deireadh na troda? (Alt 4) **5 mharc**

- Bhí Kellie féin ag rince (san fháinne) agus bhí a lucht leanúna (sa staid) ag canadh **nó** ag luascadh bhratacha na hÉireann = 5 mharc
- Bhí Kellie féin ag rince = 3 mharc
- Bhí a lucht leanúna ag canadh = 3 mharc
- Bhí a lucht leanúna ag luascadh bhratacha na hÉireann = 3 mharc

**5.** (a) Cén fáth a raibh bród ar mhuintir na hÉireann as lúthchleasaithe Parailimpeacha na tíre seo ag na Cluichí Parailimpeacha i bPáras anuraidh? (Alt 5) **5 mharc**

- As na sárthaispeántais a thug na lúthchleasaithe (Parailimpeacha ina spóirt féin)
- Sé bhonn ar fad a bhuaigh na lúthchleasaithe (Parailimpeacha)
- Ba iad buaiteoirí na mbonn ná Katie-George Dunlevy in éineacht le Linda Kelly agus Eve McCrystal sa rothaíocht, Róisín Ní Riain sa snámh agus Orla Comerford sa lúthchleasaíocht

(b) Conas a chabhróidh an infheistíocht bhreise ón rialtas leis na lúthchleasaithe agus iad ag iarraidh cáiliú do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha in 2028? (Alt 5) **5 mharc**

- Chun seirbhísí cóitseála d'ardchaighdeán agus áiseanna traenála den chéad scoth a chur ar fáil (do na lúthchleasaithe) = 5 mharc
- Chun seirbhísí cóitseála d'ardchaighdeán a chur ar fáil (do na lúthchleasaithe) = 3 mharc
- Chun áiseanna traenála den chéad scoth a chur ar fáil (do na lúthchleasaithe) = 3 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**B – 50 marc**

## Páirc an Fhionnuisce

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**1.** (a) Cén fáth a bhfuil cáil ar Pháirc an Fhionnuisce sa lá atá inniu ann? (Alt 1) **5 mharc**

- Is í an pháirc chathrach is mó san Eoraip í a bhfuil balla timpeall uirthi = 5 mharc

(b) Luaigh **dhá** rud a rinneadh faoi phlean Decimus Burton i bPáirc an Fhionnuisce. (Alt 1)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Cuireadh na mílte crann
- Cuireadh feabhas ar an draenáil
- Rinneadh athchóiriú ar an mballa teorann
- Tógadh bóithre nua

**2.** (a) Cén úsáid a baineadh as Dún na hArmlainne fadó? (Alt 2) **5 mharc**

- Is foirgneamh míleata é Dún na hArmlainne
- Bhíodh an dún á úsáid ag rialtas na Breataine ar dtús mar stór armlóin agus níos déanaí ag Saorstát Éireann
- Bhíodh an dún á úsáid ag rialtas na Breataine ar dtús mar stór armlóin
- Bhíodh an dún á úsáid ag Saorstát Éireann mar stór armlóin

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi Zú Bhaile Átha Cliath atá suite i bPáirc an Fhionnuisce. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Osclaíodh an zú in 1831
- Tá sé ar cheann de na zúnna is sine (ar domhan)
- Tá níos mó ná ceithre chéad ainmhí ann
- Tá níos mó ná ceithre chéad ainmhí ó ghnáthóga difriúla (ar fud an domhain) ann = dhá phíosa eolais

**3.** (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi na tailte atá i bPáirc an Fhionnuisce. (Alt 3)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Tá níos mó ná seacht gcéad heicteár ar fad i bPáirc an Fhionnuisce
- Tá meascán de thailte féir/de choillte/de lochanna/de bhogaigh (sa pháirc) (Aon dá cheann = 2 phíosa eolais)
- Tá a lán fiadhúlra sa pháirc
- Is é an fia buí an t-ainmhí is tábhachtaí sa pháirc agus tá tréad mór fianna buí inti
- Tá éagsúlacht mhór crann/plandaí le fáil sa pháirc
- Is iomaí speiceas éagsúil éan a bhíonn le feiceáil sa pháirc

(b) Luaigh **dhá** chúis a dtagann a lán daoine go Páirc an Fhionnuisce. (Alt 3)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = **3** mharc; an dara cúis atá ceart = **2** mharc

- Chun taitneamh a bhaint as an spás glas/as an tírdhreach nádúrtha/as an atmaisféar síochánta (inti) (Aon dá cheann = 2 chúis)
- Bíonn daoine ag iarraidh radharc a fháil ar na fianna = cúis amháin
- Is láthair caitheamh aimsire í an pháirc do dhaoine = cúis amháin

**4.** (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi chuairt an Phápa Eoin Pól II ar Pháirc an Fhionnuisce i mí Mheán Fómhair 1979. (Alt 4) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Léigh an Pápa Aifreann (sa pháirc)
- Bhí níos mó ná milliún duine i láthair (ag an Aifreann sin)
- Tógadh Cros an Phápa (sa pháirc) in ómós don ócáid

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi imeachtaí spóirt i bPáirc an Fhionnuisce. (Alt 4)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Eagraíonn cumainn spóirt cluichí Gaelacha agus cluichí sacair sna páirceanna imeartha (éagsúla atá inti) = dhá phíosa eolais
- Tá club cruicéid agus póló sa pháirc = dhá phíosa eolais
- Bíonn comórtais lúthchleasaíochta ar siúl inti (go rialta)

**5.** (a) Scríobh síos an **dá** rud a iarrtar ar chuairteoirí a dhéanamh mar chuid den fheachtas speisialta chun na fianna a chosaint sa pháirc. (Alt 5) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Fanacht siar caoga méadar ó na fianna
- Gan bia a thabhairt dóibh

(b) Luaigh **dhá** rud atá i bpleananna Oifig na nOibreacha Poiblí chun cúrsaí sábháilteachta sa pháirc a fheabhsú. (Alt 5) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Níos mó cosán agus lánaí rothaíochta a thógáil = dhá rud
- Na bóithre a fheabhsú = rud amháin
- Gearradh siar ar an méid tráchta a théann tríd an bpáirc = rud amháin

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

## Roinn na Litríochta: Na Siombailí Anótála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓ | Faisnéis bhailí | Gan mharc |
| ✓1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| O | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |

| 2A | PRÓS AINMNITHE | 50 marc |
|---|---|---|

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**(a) Dís** (**25** marc)

Freagair an cheist thíos faoin ngearrscéal *Dís.*

'Tá sé ansan anois os comhair do dhá shúl. Mise duine des na mná a bhí sa tsuirbhé sin.'
Déan cur síos ar an gcomhrá a bhí idir Seán agus a bhean chéile an tráthnóna sin.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha**

- Bhí an bhean chéile ag impí ar Sheán labhairt léi ach ní raibh fonn cainte ar Sheán
- Bhí fearg ar an mbean chéile mar cheap sí go raibh an páipéar níos tábhachtaí do Sheán ná í féin
- Dúirt an bhean chéile go raibh sí (agus a fear céile) sa pháipéar ach ní fhaca sé í (iad) ann
- Dúirt an bhean chéile gur ghlac sí páirt i suirbhé a léirigh go raibh an ceathrú cuid de mhná pósta na tíre míshona/míshásta
- Mhínigh sí gur tháinig bean go dtí an doras i mí Eanáir agus bhí suirbhé á dhéanamh aici
- Bhí an bhean chéile míshásta/míshona mar is beag meas atá ag aon duine ar mhná a dhéanann obair an tí
- Bhí fearg ar Sheán gur thug a bhean chéile gach eolas don strainséir faoin mbeirt acu
- Dúirt an bhean chéile le Seán a ghlór a ísliú nó go ndúiseodh sé an leanbh
- Dúirt sí go raibh bean an tsuirbhé ag súil le leanbh
- Bhí bean an tsuirbhé agus a fear céile ina gcónaí in árasán ach ní ligfeadh an t-úinéir aon leanbh isteach ann
- Bhí plean ag an mbean chéile an post a dhéanamh fad is a bheadh bean an tsuirbhé ar shaoire mháithreachais
- Theastaigh ón mbean chéile sorn nua a cheannach leis an airgead ón bpost
- Bhí fearg ar Sheán go mbeadh a bhean chéile ag dul ó dhoras go doras leis an leanbh ina baclainn aici
- Dúirt an bhean chéile ansin nach raibh sí míshona agus nár inis sí an fhírinne sa suirbhé
- Rinne Seán rud éigin an mhaidin sin/an oíche roimhe sin agus chuir sé sin fearg ar an mbean chéile
- Bhí cupán caife ag an mbean chéile le bean an tsuirbhé an mhaidin sin
- Bhí an teach bunoscionn agus bhí an bille ESB tar éis teacht
- Thosaigh an bhean chéile ag caint faoi na Sínigh fadó agus cheap sí go raibh an nós acu an bhean a dhó nuair a chailltí an fear
- Ba mhaith leis an mbean chéile leabhar Mao a léamh nuair nach bhfaigheadh sí an páipéar/ nuair nach mbeadh aon duine ann le labhairt léi
- Bhí fearg ar an mbean chéile gur fhreagair sí a ceisteanna/gur thug sí caife di

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b) Oisín i dTír na nÓg** (**25** marc)

Freagair an cheist thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

'Shil na deora frasa anuas le grua Oisín agus phóg sé a athair go caoin.'
Déan cur síos ar an saghas saoil a bhí ag Oisín ón uair a d'fhág sé Fionn agus na Fianna go dtí deireadh an scéil.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha**

- Chuaigh siad ar mhuin an chapaill bháin agus thaistil siad thar farraige
- Bhí turas iontach acu ar an bhfarraige…chonaic siad eilit mhaol, madra bán, cailín le húll óir ina lámh ar chapall, fear ar chapall bán le claíomh ina lámh
- Bhí troid ag Oisín le Fómhar Builleach…chaith Oisín trí oíche agus trí lá ag troid le Fómhar Builleach…mharaigh Oisín Fómhar Builleach/bhain sé an ceann de agus lig sé iníon Rí na mBeo saor
- Bhí áthas ar Oisín nuair a shroich sé Tír na nÓg…cuireadh fáilte mhór rompu
- Bhí féasta ann d'Oisín agus Niamh…mhair an féasta deich n-oíche agus deich lá
- Pósadh Niamh Chinn Óir agus Oisín
- Bhí saol aoibhinn acu/mhair siad go sona sásta
- Níor tháinig meath orthu/níor éirigh siad sean
- Bhí flúirse de gach rud acu
- Bhí beirt mhac agus iníon/triúr páistí acu: Fionn, Oscar agus Plúr na mBan
- Tháinig uaigneas ar Oisín agus theastaigh uaidh Fionn agus na Fianna a fheiceáil arís
- D'iarr sé ar Niamh an capall bán a thabhairt dó chun go dtabharfadh sé cuairt ar Éirinn
- Thug Niamh rabhadh d'Oisín gan cos a leagan ar thalamh na hÉireann
- Dúirt sí leis dá ligfeadh sé an capall uaidh go n-éireodh sé sean/liath/dall
- D'fhág Oisín slán ag a chlann agus chuaigh sé ar ais go hÉirinn
- Bhí brón air nuair a shroich sé Éire mar ní raibh tásc ná tuairisc ar Fhionn ná ar na Fianna
- Chuaigh sé go hAlmhain Laighean/teach Fhinn ach ní fhaca sé aon rud
- Nuair a shroich sé Gleann na Smól, thug sé cabhair do bhuíon a bhí cromtha faoi leac mhór
- D'athraigh a shaol nuair a thit sé den chapall…d'éirigh sé sean/chaill sé a neart/bhí sé dall
- Bhí Naomh Pádraig cineálta le hOisín agus chuaigh Oisín le Naomh Pádraig ar thuras timpeall na hÉireann
- D'inis Oisín a scéalta do Naomh Pádraig agus d'éist Naomh Pádraig leo
- Chabhraigh Pádraig leis…thug sé bia agus leaba d'Oisín agus d'ith Oisín ina aonar…mhúin sé soiscéal Dé dó

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c) Hurlamaboc** (**25** marc)

Freagair an cheist thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc.*

'Fiche bliain ó shin a pósadh Lisín agus Pól. Bheadh an ócáid iontach á ceiliúradh acu i gceann seachtaine.'

Déan cur síos ar an gcineál saoil a bhí ag Lisín ó pósadh í fiche bliain ó shin.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha**

- Bhí saol iontach ag Lisín mar bhí ag éirí go sármhaith lena fear céile, Pól…bhí Pól ina léachtóir san ollscoil/rinne sé airgead as a bheith ag ceannach stoc ar an idirlíon/bhí árasáin agus tithe aige ar fud na hEorpa agus cíos á bhailiú aige uathu
- Bhí saol foirfe ag Lisín…ní raibh uirthi dul amach ag obair…meas ag daoine uirthi
- Bhí Lisín sona ina saol…fear céile maith/saibhir aici agus clann mhac, Ruán agus Cú (Cuán), iad cliste agus éirimiúil…bhí sé de nós ag Ruán an rud a bhí a mháthair ag iarraidh a chloisteáil a rá léi
- Bhí meas ar Lisín mar bhí an nós ag gach duine an rud a bhí sí ag iarraidh a chloisteáil a rá léi i gcónaí
- Bhí saol gnóthach ag Lisín/ní raibh sí riamh díomhaoin…bhí sí ina ball de chlubanna a léigh leabhair, clubanna a rinne dea-obair ar son daoine bochta, clubanna a d'eagraigh léachtaí ar stair áitiúil, ar gheolaíocht áitiúil agus ar litríocht áitiúil…bhí sí ina ball de chlubanna faoi conas do ghairdín a leagan amach nó do theach a mhaisiú ionas go mbeadh do chairde in éad leat
- Bhí saol suimiúil/spéisiúil ag Lisín…d'fhreastail sí ar ranganna Spáinnise, Rúisise, Sínise, Seapáinise…thaitin scannáin agus drámaí léi…bhí Lisín ábalta labhairt ar aon ábhar faoin ngrian
- Bean tí den scoth a bhí i Lisín…bhí an teach néata agus álainn
- Bhí Lisín ag tnúth go mór leis an gcóisir chun ceiliúradh a dhéanamh ar a pósadh…bhí a lán ullmhúchán déanta aici don chóisir…bhí Lisín sásta go raibh gach rud idir lámha aici…gloiní agus fíon ordaithe aici sa siopa fíona…reoiteoir lán le pióga, le hispíní, le bradán agus le harán lámhdhéanta…an dara reoiteoir tógtha ar cíos aici agus é lán le rudaí deasa…dá mbeadh an lá go breá, bheadh an chóisir acu amuigh sa ghairdín…boird agus cathaoireacha faighte ar iasacht ag Lisín ó na comharsana…bhí péint nua ar na ballaí, snas ar na hurláir agus bláthanna sna prócaí
- Bhí a fhios ag Lisín go mbeadh an ceiliúradh go haoibhinn…bheadh an fhéile caithréimeach
- Bhí Lisín ina cónaí ar Ascaill na Fuinseoige…ceantar galánta le caighdeáin arda i measc na mban
- Bhí Lisín níos faiseanta agus níos néata ná bean ar bith eile ar Ascaill na Fuinseoige
- Bhí sí foirfe…bhí an chuma uirthi go raibh sí ina hógbhean

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

| 2B | PRÓS ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghearrscéal sin. (**25** marc)

Príomhimeachtaí (príomhrudaí) = **23** marc
**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile)
(**23** marc)
**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*
Teideal an ghearrscéil = **1** mharc
Ainm an údair = **1** mharc (**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal béaloidis sin. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin ó thús go deireadh an scéil. (**25** marc)

An phríomhphearsa (an príomhcharachtar) a ainmniú = **1** mharc (**1** mharc)
Na heachtraí is mó = **22** marc
**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **dá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile)
(**22** marc)
**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scéil béaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*
Teideal an scéil béaloidis = **2** mharc (**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghiota sin, dar leat. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a léiríonn an príomhthéama sin sa ghiota. (**25** marc)

An príomhthéama a lua = **1** mharc (**1** mharc)
Na heachtraí is mó = **22** marc
**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **dá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile)
(**22** marc)
**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.
Teideal an úrscéil = **1** mharc
Ainm an údair = **1** mharc (**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

| 3A | FILÍOCHT AINMNITHE | 50 marc |
|---|---|---|

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**(a) Mo ghrá-sa (idir lúibíní)** (**25** marc)

(i) (a) Cén bláth a luann an file i véarsa a haon? (**2** mharc)
**Freagraí**: 'bláth na n-airní'…

(b) Cad a deir an file faoi na nóiníní i véarsa a dó? (**2** mharc)
**Freagraí**: 'is as a chluasa a fhásfaidh siad (nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)'…
beidh nóiníní ag fás as a chluasa agus é curtha sa chré…

(c) Scríobh síos **dhá** rud a deir an file faoi ghruaig an fhir i véarsa a ceathair.
(**2** mharc + **2** mharc)
**Freagraí**: níl a ghruaig síodúil…tá a ghruaig cosúil le gruaig bhean Shakespeare…tá dath dubh ar a ghruaig…tá a ghruaig cosúil le 'WIRE deilgní'…

(ii) Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoi shúile an fhir i véarsa a trí den dán.
(**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Pointí eolais samplacha:** Níl dath glas ar a shúile…níl cuma cheolmhar/bhinn ar a shúile…
tá a shúile róghar dá chéile…
**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a trí gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra
= **2** mharc + **2** mharc

(iii) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn i véarsa a cúig den dán. (**9** marc)

**Dhá** phointe eolais = **5** mharc + **4** mharc

**Pointí eolais samplacha:** Tugann sé úlla di…tugann sé caora fíniúna di nuair a bhíonn sé sona sásta…is fear cneasta/cineálta/fial/flaithiúil/grámhar é…
**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a cúig gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra
= **2** mharc + **2** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b) An tEarrach Thiar** (**25** marc)

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin,** ar an íomhá (ar an bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn i véarsa a dó den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Pointí eolais samplacha:** Tá cliabh/ciseán ar a dhroim aige…tá an fear ag iompar feamainne…tá sé ag obair ar an trá…
**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a dó gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra
= **2** mharc + **2** mharc

(ii) Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, **dhá** phointe eolais faoi na mná i véarsa a trí. (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Pointí eolais samplacha:** Tá siad i locháin/i locha beaga uisce/ar an trá…tá a gcótaí craptha acu…tá a scáileanna le feiceáil san uisce…tá an ghrian ag taitneamh anuas ar na mná…tá siad ag obair san uisce…
**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a trí gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra
= **2** mharc + **2** mharc

(iii) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) den *churrach* a thugann an file dúinn i véarsa a ceathair. (**9** marc)

**Dhá** phointe eolais = **5** mharc + **4** mharc

**Pointí eolais samplacha:** Tá an *churrach* lán le héisc…tá torann na maidí rámha le cloisteáil…tá an *churrach* ag filleadh ar an gcladach ó lár na farraige/um thráthnóna…tá na fir sa *churrach…*
**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a ceathair gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra
= **2** mharc + **2** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c) Colscaradh** (**25** marc)

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** rud a theastaíonn ón bhfear ina shaol pósta i véarsa a haon den dán. (**8** marc)

**Dhá** rud = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:** Ba mhaith leis cónaí le bean in aice lena mhuintir féin…ba mhaith leis saol compordach/grámhar/sona sa teach agus iad ag tógáil na bpáistí…teastaíonn saol/pósadh traidisiúnta ón bhfear…ba mhaith leis go bhfanfadh a bhean chéile sa bhaile…
**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a haon gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra
= **2** mharc + **2** mharc

(ii) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin gcineál duine í an bhean i véarsa a dó. (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:** Is bean nua-aimseartha í…tá neamhspleáchas sa phósadh ag teastáil uaithi/is bean neamhspleách í…ba mhaith léi leath den chumhacht a bheith aici/go mbeadh a cuid airgid féin aici/leath den saibhreas a bheith aici…ba mhaith léi teach/dul ar saoire (thar lear)/go mbeadh meas ag daoine uirthi…
**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a dó gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra
= **2** mharc + **2** mharc

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (**9** marc)

Is maith/Ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Fáthanna:**
**Is maith:** Is maith liom na pictiúir/an chodarsnacht/an téama sa dán…
**Ní maith:** Tá an téama brónach…ní maith liom na mothúcháin sa dán…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

| 3B | FILÍOCHT ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).
**Níl cead an dán roghnach céanna** a úsáid **faoi dhó** sna freagraí ar (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán. (**9** marc)

Príomhthéama an dáin = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

(ii) Luaigh íomhá (pictiúr) amháin as an dán atá suimiúil, dar leat.
Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin** faoin íomhá (faoin bpictiúr) sin. (**7** marc)

An íomhá (an pictiúr) atá suimiúil = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán. (**7** marc)

An t-atmaisféar a lua = **1** mharc
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)
Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán. (**9** marc)

Príomhthéama an dáin = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

(ii) Scríobh síos an mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán. (**7** marc)

An mothúchán is láidre = **1** mharc
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

(iii) Scríobh síos an rud is mó a thaitníonn leat sa dán seo. Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (**7** marc)

An rud is mó a thaitníonn leat sa dán seo = **1** mharc
**Dhá** fháth = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)
Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos, **i d'fhocail féin,** príomhsmaointe an dáin sin. (**9** marc)

**Dhá** phríomhsmaoineamh = **5** mharc + **4** mharc

(ii) Roghnaigh íomhá (pictiúr) **amháin** a úsáideann an file sa dán seo. Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin.** (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**7** marc)

Íomhá (pictiúr) **amháin** a úsáideann an file = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (**7** marc)

Is maith/Ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)
Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith:

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirtear línte corracha cothrománacha faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge**:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal. Is ceart na mórbhotúin sin a mharcáil trí líne chorrach chothrománach a chur fúthu.

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí.

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- **An Chluastuiscint:** An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge [Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - An measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc
- **Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuiscint** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí [Léamhthuiscint A: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuiscint B: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 2: An Prós** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 3: An Fhilíocht** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Ní mór don scrúdaitheoir an tsiombail anótála '**SMM**' a chur ar Pháipéar 1 ag tús na Cluastuisceana, Cuid A, agus ar chlúdach Pháipéar 2 nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

**Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc

| **Aicme** | **Cur síos ar chatagóirí** | **Marc as 40** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 34-40 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 28-33 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 22-27 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 16-21 |
| Lag | Cruinnúsáid lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 10-15 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4-9 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0-3 |